Is áis doiciméadúcháin amháin an téacs seo agus níl aon éifeacht dhlíthiúil aige. Ní ghabhann institiúidí an Aontais aon dliteanas orthu féin i leith inneachar an téacs. Is iad na leaganacha de na gníomhartha a foilsíodh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus atá ar fáil ar an suíomh gréasáin EUR-Lex na leaganacha barántúla de na gníomhartha ábhartha, brollach an téacs san áireamh. Is féidir teacht ar na téacsanna oifigiúla sin ach na naisc atá leabaithe sa doiciméad seo a bhrú

►B **RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/72 ÓN gCOIMISIÚN**

an 18 Eanáir 2022

lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

(IO L 12, 19.1.2022, lch. 34)

Arna leasú le:

		Iris Oifigiúil		
		Uimh	Leathanach	Dáta
►M1	Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/469 ón gCoimisiún an 23 Márta 2022	L 96	36	24.3.2022

▼B

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/72 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Eanáir 2022

lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice aonmhóid ina bhfuil snáithín i dtruaill leis féin amháin nó níos mó, ar a bhfuil cásáil chosanta, bíodh seoltóirí leictreacha iontu atá faoin gcód AC ex 8544 70 00 (an cód TARIC 8544 70 00 10) faoi láthair nó ná bíodh agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

Tá na táirgí seo a leanas eisiata:

(i) cáblaí ina bhfuil na snáithíní optúla uile feistithe ceann ar ceann le nascóirí oibríochta ag ceann amháin den chábla nó ag an dá cheann; agus

(ii) cáblaí le haghaidh úsáid fhomhuirí. Is éard atá sna cáblaí le haghaidh úsáid fhomhuirí cáblaí snáthoptaice inslithe plaisteacha, ina bhfuil seoltóir copair nó alúmanaim, ina bhfuil snáithíní i modúl miotail nó modúil mhiotail.

2. Is é seo a leanas an dleacht frithchúitimh chinntitheach is infheidhme maidir leis an nglanphraghas saor ag teorainn an Aontais roimh dhleacht, i gcás an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus a tháirgtear ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithchúitimh cinntitheacha	Cód breise TARIC
An Grúpa FTT: 1. FiberHome Telecommunication Technologies Co., Ltd. 2. Nanjing Wasin Fujikura Optical Communication Ltd. 3. Hubei Fiberhome Boxin Electronic Co., Ltd.	10,3 %	C696
An Grúpa ZTT: — Jiangsu Zhongtian Technology Co., Ltd. — Zhongtian Power Optical Cable Co., Ltd.	5,1 %	C697
Cuideachtaí eile a chomhoibríonn in imscrúdú frithfhóirdheontais agus imscrúdú frithdhumpála araon atá liostaithe in Iarscríbhinn I	7,8 %	
Cuideachtaí eile a chomhoibríonn san imscrúdú frithdhumpála ach nach gcomhoibríonn san imscrúdú frithfhóirdheontais, mar atá liostaithe in Iarscríbhinn II	10,3 %	
Gach cuideachta eile	10,3 %	C999

▼B

3. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta frithchúitimh aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) i nDaon-Phoblacht na Síne (méid) den (táirge lena mbaineann), a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa sonrasc seo iomlán agus ceart.' Mura gcuirtear an sonraisc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

5. Léireoidh an dearbhú custaim fad an táirge ina chiliméadair a thuairiscítear in Airteagal 1(1), ar choinníoll go bhfuil an tásc sin comhoiriúnach le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([1]).

6. I gcásanna ina ndearnadh an dleacht frithchúitimh a laghdú ón dleacht frithdhumpála le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin áirithe, má dhéantar iarratais ar aisíocaíocht faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2016/1037 spreagfar measúnú ar an gcorrlach dumpála don táirgeoir onnmhairiúcháin sin atá i réim le linn thréimhse an imscrúdaithe aisíocaíochta.

Airteagal 2

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 ón gcoimisiún ([2])mar a leanas:

▼M1

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(2):

'2. Rátaí na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir leis an nglanphraghas, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a shonraítear i mír 1 agus a thairgeann na cuideachtaí a liostaítear thíos, is mar seo a leanas a bheidh sé:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach	Cód breise TARIC
An Grúpa FTT: — FiberHome Telecommunication Technologies Co., Ltd. — Nanjing Wasin Fujikura Optical Communication Ltd. — Hubei Fiberhome Boxin Electronic Co., Ltd.	33,7 %	C696

([1]) Iarscríbhinn I 'Ainmníocht Chomhcheangailte' a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 an 23 Iúil 1987 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1). Iarscríbhinn I "Ainmníocht Chomhcheangailte".

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 ón gCoimisiún an 17 Samhain 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 410, 18.11.2021, lch. 51).

▼M1

Cuideachta	Dleacht frithd-humpála chinnti-theach	Cód breise TARIC
An Grúpa ZTT: — Jiangsu Zhongtian Technology Co., Ltd. — Zhongtian Power Optical Cable Co., Ltd.	14,6 %	C697
Cuideachtaí eile a chomhoibríonn san imscrúdú frith-fhóirdheontais agus san imscrúdú frithdhumpála araon a liostaítear in Iarscríbhinn I	23,4 %	
Cuideachtaí eile a chomhoibríonn san imscrúdú frithdhumpála ach nach gcomhoibríonn san imscrúdú frithfhóirdheontais a liostaítear in Iarscríbhinn II	20,9 %	
Gach cuideachta eile	33,7 %	C999’

▼B

(2) Cuirtear Airteagal 1(7) nua isteach:

‘7. Dá ndéanfaí na dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha arna bhforchur le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72 (*) ón gCoimisiún a mhodhnú nó a bhaint, méadófar na dleachtanna a shonraítear i mír 2 nó in Iarscríbhinní I nó II faoin gcion céanna agus é teoranta don chorrlach dumpála iarbhír a fuarthas nó don chorrlach díobhála a fuarthas de réir mar is iomchuí in aghaidh na cuideachta agus ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.’

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/72 ón gCoimisiún an 18 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cáblaí snáthoptaice de thionscnamh Dhaon Phoblacht na Síne (IO L 12, 19.1.2022, lch. 34).’

(3) Cuirtear Airteagal 1(8) nua isteach:

‘8. I gcásanna ina ndearnadh an dleacht frithchúitimh a laghdú ón dleacht frithdhumpála le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin áirithe, má dhéantar iarratais ar aisíocaíocht faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2016/1037 spreagfar measúnú ar an gcorrlach dumpála don táirgeoir onnmhairiúcháin sin atá i réim le linn thréimhse an imscrúdaithe aisíocaíochta.’

(4) Cuirtear Iarscríbhinn I agus II in ionad Iarscríbhinn I den Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

▼B

IARSCRÍBHINN I

Cuideachtaí eile atá ag comhoibriú san imscrúdú frith-fhóirdheontais agus frithdhumpála araon

Ainm na cuideachta	Cód breise TARIC
Dongjie Optical Technology (Suzhou) Co., Ltd.	C700
Fasten Group: Jiangsu Fasten Optical Communication Technology Co., Ltd. Jiangsu Fasten Optical Cable Co., Ltd.	C701
Hangzhou Futong Communication Technology Co., Ltd.	C702
Hangzhou Tuolima Network Technologies Co., Ltd.	C703
Jiangsu Etern Co., Ltd.	C704
Jiangsu Hengtong Group: Hengtong Optic-Electric Co., Ltd. Guangdong Hengtong Optic-electronical Technology Co., Ltd. Jiangsu Hengtong Smart Grids Co., Ltd. Zhejiang Dongtong Optical Network and IOT Technology Co., Ltd.	C705
Jiangsu Tongguang Optical Fiber Cable Co., Ltd.	C706
LEONI Cable (an tSín) Co., Ltd	C707
Nanjing Huamai Technology Co., Ltd	C708
Ningbo Geyida Cable Technology Co., Ltd.	C709
SDG group: — Shenzhen SDG Information Co., Ltd. — Shenzhen SDGI Optical Network Technologies co., Ltd.	C725
Shanghai Qishen International Trade Co., Ltd.	C712
Shenzhen Wanbao Optical Fiber Communication Co., Ltd.	C713
Sichuan Huiyuan Optical Communications Co., Ltd.	C714
Suzhou Furukawa Power Optic Cable Co., Ltd.	C715
Suzhou Torres Optic-electric Technology Co., Ltd.	C716
Twentsche (Nanjing) Fibre Optics Ltd.	C717
XDK Communication Equipment (Huizhou) Ltd.	C718
Yangtze Optical Fibre and Cable group: — Yangtze Optical Fibre and Cable Joint Stock Limited Company — Yangtze Optical Fibre and Cable (Shang-hai) Company Ltd. — Yangtze Zhongli Optical Fibre and Cable (Jiangsu) Co., Ltd. — Sichuan Lefei Optoelectronic Technology Company Limited — Everpro Technology Company Limited	C719

▼B

IARSCRÍBHINN II

Cuideachtaí eile atá ag comhoibriú san imscrúdú frithdhumpála ach nach bhfuil ag comhoibriú san imscrúdú frith-fhóirdheontais

Ainm na cuideachta	Cód breise TARIC
Anhui Tianji Information Technology Co., Ltd.	C698
Prysmian Wuxi Cable Co., Ltd.	C710